Nuacht Neachtain

Márta, 2023.

CÓINEARTÚ 2023

Comhghairdeas leis na páistí as Rang 7 a ghlac le sacraimint an Chóineartaithe in Eaglais Naomh Pádraig, Dé Sathairn, 11 Márta. D'éirigh go geal leis an lá agus tugaimid ómós do na páistí as an ullmúchán agus as an chur i láthair iontach ar an lá. Buíochas ó chroí leis an fhoireann as a gcuid oibre agus taca go háirithe le Múinteoir Fionnuala. Buíochas ó chroí fosta le Cór Neachtain, le Nodlaig agus le clairseóirí de chuid Scoil Ruaidhrí Dall agus le tuismitheoirí paistí Rang 7.

TUISMITHEOIRÍ RANG 6: BUÍOCHAS

Buíochas ó chroí le tuismitheoirí Rang 6 as na sólaistí iontacha a chuir siad ar fáil do theaghlaigh agus cairde i ndiaidh Aifreann an Chóineartaithe! Is mór againn go léir an t-am, an fhlaithiúlacht agus an dianobair de bhur gcuid. Cuireadh fáilte mhór rompu ar an lá.

BLIOTZ IOMÁNAÍOCHTA ULADH

Mar is eol duit, tá bliotz iománaíochta / camógaíochta ann i Sólann Bhruach na Cluana, Machaire Fíolta, amárach 25 Márta, idir 1.30 – 3.30in. Tá an imeacht seo á eagrú chun seans eile a thabhairt chun páistí an Ghaeilge a úsáid i measc an phobail – Gaeilge amháin a bheas a labhairt ar fud an bhliotz. Imreoidh cailíní / gasraí ar fhoireann amháin. Beidh foireann Gaelscoile ann amárach ach iarrtar ar thuismitheoirí fanacht lena bpáistí. **Má tá do pháiste a dhul a bheith páirteach, bí ag fáiltiú Bruach na Cluana faoi 1.15in ar a dhéanaí, le do thoil, áit a mbuailfidh foireann Ghaelscoile libh.** Don imirt, tabharfar geansaí scoile don pháiste don lá agus iarrtar air/uirthi bríste ghairid dhubh agus stocaí dubha a chaitheamh, le do thoil. Go raibh maith agat.

CONFIRMATION 2023

Congratulations to our Rang 7 children who received the sacrament of Confirmation in St. Patrick's Church, on Saturday, 11th March. The occasion was a great success and we pay tribute to the children for their great preparation and presentation on the day. Sincere thanks to all our staff for their work and support, particularly Múinteoir Fionnuala. Sincere thanks also to Cór Neachtain, Nodlaig and Ruaidhrí Dall harpers and to the parents of our Rang 7 children.

RANG 6 PARENTS: THANKS

Sincere thanks to our Rang 6 parents for the great refreshments they provided for family and friends after the Confirmation Mass! We all appreciate very much your time, generosity and hard work. These were very welcome and much appreciated on the day.

ULSTER HURLING BLITZ

As you are aware, a hurling / camogie blitz is taking place in Meadowbank Leisure Centre, Magherafelt, **tomorrow, 25th March, between 1.30 – 3.30pm.** This event is being organised to give children another opportunity to use Irish in the community – Irish will be used throughout the blitz. Boys / girls will play on a team. Gaelscoil staff will be present at the event but parents are asked to stay with their children on the day. **If your child is participating, please be at the Meadowbank reception by 1.15pm at the latest where Gaelscoil staff will meet you.** For play, each child will wear a Gaelscoil jersey and he/she is asked to wear their own black shorts and black socks, please. Go raibh maith agat.

LEATHANACH NUA FACEBOOK

Tá Naíscoil agus Gaelscoil Neachtain tagtha le chéile chun leathanch nua Facebook a roinnt. Tá an nuacht is déanaí faoin Naíscoil agus faoin Ghaelscoil a roinnt againn anseo. Leanaigí agus roinnigí libh!
https://www.facebook.com/profile.php?id=100090621700410

AN CHÉAD AITHRÍ

Mar is eol duit, déanfaidh na páistí as Rang 4 an Chéad Aithrí **Dé Máirt, 28 Márta.** Beidh **Seirbhís Athmhuintearais ann in Eaglais Naomh Pádraig ag toiseacht ar 6.30in** agus déanfaidh na páistí an Chéad Aithrí i rith na seirbhíse seo. **Iarrtar ar achan duine bheith sa tséipeal faoi 6.20in ar a dhéanaí.** Ní mór do na páistí go léir éadaí scoile iomlána a chaitheamh, le do thoil. Go raibh maith agat.

COICÍS na SIÚLÓIDE agus na ROTHAÍOCHTA

Mar is eol daoibh, tá coicís an *tSiúlóid Mhóir agus na Rothaíochta* ar siúl faoi láthair agus leanann sé ar aghaidh go dtí Dé hAoine, an 31 Márta. Tá an tionscnamh seo mar chuid d'iarrachtaí *Sustrans* níos mó daoine a fháil chun astaíochtaí a laghdú agus stíl mhaireachtála shláintiúil a chur chun cinn. Maith sibh achan duine, idir thuismitheoirí agus pháistí, a ghlac páirt go dtí seo! Tá neart ama fós ann do gach duine eile a bheith páirteach - fiú má tá tú ag siúl / ag rothaíocht ach cuid den bhealach chun na scoile, bheadh sé sin go hiontach freisin! De réir First-steps Sports, *"Is féidir leis an aclaíocht borradh meabhrach fíor intomhaiste a chur ar fáil - feabhas a chur ar chumas an linbh feidhmiú, foghlaim agus smaoineamh don chuid eile den lá."*

MOLAIMID DO GACH TUISMITHEOIR, ÁFACH, SÁBHÁILTEACHT A BPÁISTE A CHINNTIÚ MÁ TÁ SIAD AG SIÚL CHUN NA SCOILE.

COSAINT AN PHÁISTE

Is í Fionnuala Ní Dhufaigh Múinteoir Ainmnithe don Chosaint Pháistí. Is iad Róisín Mhic Thaidhg agus Danielle Stiobhard Leasmhúinteoirí Ainmnithe don Chosaint Pháistí. Má tá tú buartha faoi aon rud, gabh i dteagmháil le duine acu, le do thoil, láithreach bonn.

NEW FACEBOOK PAGE

Naíscoil and Gaelscoil Neachtain have come together to share a new Facebook page. The latest news about the Naíscoil and the Gaelscoil is being shared here. Follow and share!
https://www.facebook.com/profile.php?id=100090621700410

FIRST CONFESSION

The children from Rang 4 will make their First Confession on **Tuesday, 28th March.** There will be a **Service of Reconciliation in St. Patrick's Church beginning at 6.30pm** and the children will make their First Confession during this service. **Everyone is asked to be in the church by 6.20pm at the latest.** All children are asked to wear full school uniform, please. Go raibh maith agat.

BIG WALK and WHEEL FORTNIGHT

As you are aware, the *Big Walk and Cycle* fortnight is currently underway and continues until Friday, 31st March. This initiative is part of *Sustrans* efforts to get more people to reduce emissions and to promote a healthy lifestyle. Well done to everyone, both parents and children, who have taken part so far! There's still plenty of time for everyone else to get involved - even if you walk / cycle just part of the way to school, that would be great too! According to First-steps Sports*, "Exercise can provide a real, measurable mental boost – improving a child's ability to perform, learn and think for the rest of the day."*

WE URGE ALL PARENTS, HOWEVER, TO ENSURE THEIR CHILD'S SAFETY IF THEY'RE WALKING TO SCHOOL.

CHILD PROTECTION

Fionnuala Ní Dhufaigh is the Designated Teacher for Child Protection. Róisín Mhic Thaidhg and Danielle Stiobhard are Deputy Designated Teachers for Child Protection. If you have any concerns, please contact one of them immediately.

ACHAINÍ TRÓCAIRE

Mar a thagann bailiúchán Carghais Trócaire chun deiridh i mbliana, beidh lá speisialta maoinithe ag Gaelscoil Neachtain Déardaoin Chorp Chríost, 6 Aibreán. Tá na páistí as Ranganna 6/7 ag socrú díolachán cístí/ milseán do na páisti eile sa scoil agus beidh lá gan éadaí scoile ann fosta. Iarrtar ar achan phaiste £1 a thabhairt isteach agus rachaidh an t-airgead go léir chuig an achainí Trócaire .

CUAIRTEOIR Ó THRÓCAIRE

Achan bhliain, i rith An Charghais, bíonn na páistí ag bailiú airgid do Thrócaire. Chun léargas a thabhairt ar an obair a dhéanann an charthanacht agus ar an dóigh a n-úsáidtear an t-airgead a chuirtear chucu, iarradh ar Róisín Ó Hara, oifigeach oideachais le Trócaire, teacht isteacht agus labhairt leis na páistí as Eochairchéim 2 Dé hAoine, 31 Márta.

SAOIRE na CÁSCA

Druideann Gaelscoil Neachtain do shos na Cásca, Déardaoin Chorp Chríost, 6 Aibreán. Tugtar faoi deara, le do thoil, amanna imeachta 'na bhaile don Déardaoin, 6ú: **Naíscoil – 11.00rn; R.1 - R.2: 11.40rn; R. 3 – 7: 11.50rn** Rachaidh siblíní abhaile le chéile ag an chéad imeacht.
Athosclaíonn Gaelscoil agus Naíscoil Neachtain Dé Luain 17 Aibreán.

GRIANGHRAFADÓIR – GAELSCOIL

Beidh grianghrafadóir ag teacht go Gaelscoil Neachtain **Dé Céadaoin, 26 Aibreán.** Déanfaidh sé grianghraif aonair agus grianghraif ranga - Rang 1 agus Rang 7 - a thógáil. Déanfaidh sé grianghraif siblíní atá ag freastal ar an Ghaelscoil a thógáil fosta. **BEIDH AN GRIANGHRAFADÓIR AR FÁIL Ó 8.30rn CHUN GRIANGHRAIF TEAGHLACH A THÓGÁÍL. IARRTAR AR ACHAN PHÁISTE ÉADAÍ SCOILE IOMLÁN A CHAITHEAMH AR AN LÁ, LE DO THOIL**. Go raibh maith agat.

GRIANGHRAFADÓIR - NAÍSCOIL

Tabharfaidh an grianghrafadóir cuairt ar Naíscoil Neachtain Déardaoin, 27 Aibreán. Go raibh maith agat.

TRÓCAIRE CAMPAIGN

As this year's Lenten Trocaire appeal comes to an end, Gaelscoil Neachtain will hold a special day's fundraising on Holy Thursday, 6th April. The children from Ranganna 6/7 are organising a cake sale for the other children in the school and it will also be a non-uniform day. Every child is asked to bring in £1 and all money raised will go to the Trócaire appeal.

VISITOR from TRÓCAIRE

As you are aware, every year, during Lent, the children fundraise for Trócaire. To give an insight into the work of Trócaire and to show how the money we send is used, we have asked Róisín Ó Hara, an education officer with Trócaire, to come into the Gaelscoil and talk to the children on Friday, 31st March.

EASTER HOLIDAY

Gaelscoil Neachtain closes for the Easter holiday on Holy Thursday, 6th April. Please note times for going home on Thursday, 6th: **Naíscoil – 11.00am**; **R.1 - R.2: 11.40am; R. 3 – 7: 11.50am.** Siblings will go home together at the first leaving. **Gaelscoil Neachtain and Naíscoil Neachtain re-open to all children on Monday, 17th April.**

PHOTOGRAPHER – GAELSCOIL

A photographer will visit Gaelscoil Neachtain on **Wednesday, 26th April.** He will take individual and class photographs - Rang 1 and Rang 7. He will also take photographs of siblings who attend the Gaelscoil. **THE PHOTOGRAPHER WILL BE AVAILABLE FROM 8.30am TO TAKE FAMILY PHOTOGRAPHS**. **EVERY CHILD IS ASKED, PLEASE, TO WEAR FULL SCHOOL UNIFORM ON THE DAY.** Go raibh maith agat.

GRIANGHRAFADÓIR - NAÍSCOIL

The photographer will visit Naíscoil Neachtain on Thursday, 27th April. Go raibh maith agat.

CAIRDE NEACHTAIN

Ag cruinniú de Chairde Neachtain, a tionóladh ar an gCéadaoin, 22 Márta, toghadh an coiste seo a leanas –
Aileen McCloskey - Cathaoirleach
Michaela Devine - Rúnaí
Grainne McCuaig - Rúnaí Cúnta
Stephanie McKillop - Cisteoir
Megan Maguire - Cisteoir cúnta
Guímid gach rath ar ár gcoiste nua agus gabhaimid buíochas lenár gcoiste atá ag dul as oifig, Claire agus Carolanne. Go raibh maith agaibh. Braitheann Cairde Neachtain ar gach tuismitheoir chun tacú lena gcuid oibre, rud atá go bunúsach faoi thacaíocht a thabhairt do na páistí ar fad sa Ghaelscoil, go minic ar bhealach airgeadais, trí ghníomhaíochtaí éagsúla a fhóirdheonú.

TUISMITHEOIRÍ RANG 3: IARRATAS AR THACAÍOCHT

Beidh an Chéad Chomaoineach do pháistí Rang 4 ar siúl Dé **Sathairn**, **13ú May**, **2023, ag 11.00r.n.** Cuirfear sólaistí ar fáil ina dhiaidh sin i seomra comhdhála na hEaglaise. TÁIMID AG IARRAIDH AR ÁR DTUISMITHEOIRÍ RANG 3 CUIDIÚ LEIS SEO, LE DO THOIL, agus, an bhliain seo chugainn, bainfidh tú tairbhe as an chineáltas céanna! Déanfar teagmháil le tuismitheoirí Rang 3 tar éis na Cásca maidir leis an iarratas seo. Go raibh maith agat, roimh ré, as do thacaíocht.

SIOPA TORTHAÍ

Agus an Ghaelscoil ag obair le páistí chun nósanna sláintiúla ithe a fhorbairt, tá rogha torthaí ar díol gach lá, mar atá, úlla, piorrraí, oráistí agus bananaí. **30p an ceann a bheas ar na torthaí**. Iarrtar ar thuismitheoirí taca a thabhairt do pháistí leas a bhaint as an Siopa Torthaí. Go raibh maith agat.

AN CLUB BRICFEASTA

Tá An Club Bricfeasta, saor in aisce, ar oscailt gach maidin idir 8.15 – 8.45rn. Fáilte roimh achan pháiste. **Tugtar faoi deara, le do thoil: ní osclaíonn An Club Bricfeasta go dtí 8.15rn. TUGTAR FAOI DEARA FOSTA, LE DO THOIL: GLACTAR LE HORDAITHE DEIREANACHA AR 8.40rn. N.B: NÍ FÉIDIR BIA A SHOLÁTHAR i NDIAIDH 8.40rn AGUS AN GHAELSCOIL AG ULLMHÚ DON TIONÓL.** Go raibh maith agat as bheith ag comhoibriú linn.

CAIRDE NEACHTAIN

At a meeting of Cairde Neachtain, held on Wednesday, 22nd March, the following committee was elected –
Aileen McCloskey - Chairperson
Michaela Devine - Secretary
Grainne McCuaig - assistant Secretary
Stephanie McKillop - Treasurer
Megan Maguire - assistant Treasurer
We wish our new committee well and thank our outgoing committee, Claire and Carolanne. Go raibh maith agaibh.
Cairde Neachtain depends on all parents to support their work which essentially is about supporting all the children in the Gaelscoil, very often in a financial way, through subsidising various activities.

RANG 3 PARENTS: REQUEST FOR SUPPORT

First Holy Communion for children in Rang 4 will take place on **Saturday, 13th May, 2023, at 11.00am.** Refreshments will be served afterwards in the Church conference room. WE ARE ASKING OUR RANG 3 PARENTS TO HELP WITH THIS, PLEASE, and, next year, you will benefit from the same kindness! Rang 3 parents will be contacted after Easter regarding this request. Thanking you, in advance, for your support.

SIOPA TORTHAÍ / FRUIT SHOP

As part of Gaelscoil Neachtain's work with children to develop healthy eating habits, we have a range of fruit, namely, apples, pears, oranges and bananas on sale every day. **Each piece of fruit will cost 30p.** Parents are asked to support their children to take advantage of the Siopa Torthaí / Fruit Shop. Go raibh maith agat.

BREAKFAST CLUB

The Breakfast Club, free of charge, is open every morning between 8.15 – 8.45am. All children are welcome. **Please note: The Breakfast Club does not open until 8.15am. PLEASE NOTE ALSO: LAST ORDERS ARE TAKEN AT 8.40am. N.B: FOOD CANNOT BE SERVED AFTER 8.40am AS THE GAELSCOIL PREPARES FOR ASSEMBLY.** Thank-you for your co-operation.